C/2026/3791

17.7.2026

CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Iúil 2026

maidir leis na rialacha lena rialaítear clár oifigiúil oiliúna an Choimisiúin Eorpaigh

(C/2026/3791)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 58(2)(e) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tugann clár oifigiúil oiliúna an Choimisiúin léargas uathúil ar a thosaíochtaí, ar a bheartais agus ar a riarachán agus cuireann sé ar a gcumas d'oiliúnaithe taithí phearsanta a fháil ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an Coimisiún féin agus institiúidí eile an Aontais.

(2) Is é is aidhm d'Aontas na Scileanna ([2]) córais oideachais, oiliúna agus scileanna ardcháilíochta chuimsitheacha inoiriúnaithe a neartú chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais agus bearnaí scileanna agus chun iomaíochas an Aontais a mhéadú. Cuirtear i dtábhacht ann an gá atá le tarraingteacht, barr feabhais agus cuimsitheacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a fheabhsú mar chonair foghlama a bhfuil an luach céanna ag baint léi agus atá ag an ardoideachas, lena n-áirítear do mhná.

(3) I Moladh ón gComhairle an 10 Márta 2014 maidir le Creat Cáilíochta le haghaidh Tréimhsí Oiliúna ([3]) moltar go gcuirfí feabhas ar cháilíocht na dtréimhsí oiliúna chun an t-aistriú ón oideachas, ón dífhostaíocht nó ón neamhghníomhaíocht chuig an obair a éascú.

(4) Forálacha agus beartais inmheánacha áirithe cur chun feidhme a bhfuil feidhm acu maidir leis na baill foirne, amhail Cinneadh C(2023) 8630 maidir le ciapadh síceolaíoch agus gnéaschiapadh ([4]), ba cheart feidhm a bheith acu maidir le hoiliúnaithe freisin. Leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

(5) Aithnítear i straitéis acmhainní daonna ([5]) an Choimisiúin gur gá níos mó a dhéanamh chun a áirithiú go dtabharfaidh baill foirne an Choimisiúin léiriú ar an tsochaí dá bhfónann siad. Is é is aidhm don Chinneadh seo cur chuige níos éagsúla agus níos cuimsithí a thabhairt isteach i leith an chláir oiliúna Blue Book trí chéimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna a chur san áireamh.

(6) Seasann an Cinneadh seo le prionsabal an neamh-idirdhealaithe a leagtar amach in Airteagal 1d de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ('na Rialacháin Foirne') ([6]).

([1]) IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).
([2]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 5 Márta 2025, dar teideal 'Aontas na Scileanna' [COM(2025) 90].
([3]) IO C 88, 27.3.2014, lch. 1.
([4]) Cinneadh ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2023 maidir le ciapadh síceolaíoch agus gnéaschiapadh a chosc agus a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Cinneadh C(2006) 1624/3 [C(2023) 8630].
([5]) Teachtaireacht chuig an gCoimisiún – *A new Human Resources Strategy for the Commission* ['Straitéis nua Acmhainní Daonna don Choimisiún'] [C(2022) 2229].
([6]) A leagtar síos le Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1).

(7) Ba cheart a áirithiú leis an gCinneadh seo go roghnófar oiliúnaithe de réir na gcaighdeán cumais, éifeachtúlachta agus ionracais is airde, agus ón raon geografach is leithne is féidir i leith náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais. I gcomhréir leis an gCinneadh ón gCoimisiún lena rialaítear cothromaíocht gheografach bhaill foirne an Choimisiúin ([7]) déanfaidh an Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus um Shlándáil faireachán ar chothromaíocht gheografach oiliúnaithe Blue Book, agus féadfar bearta ábhartha a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar aon neamhionannas mór a bheidh ann. Ina theannta sin, ba cheart gach tréimhse oiliúna Blue Book a bheith inrochtana do náisiúnaigh ó thíortha is iarrthóirí atá rannpháirteach i straitéis réamhaontachais.

(8) Ba cheart a áirithiú leis an gCinneadh seo go mbainfidh na hoiliúnaithe arna roghnú tairbhe iomlán as an gclár oiliúna Blue Book trí rannpháirtíocht ghníomhach ina ghníomhaíochtaí agus trí bheith ag cur leo go gníomhach, agus leibhéal leordhóthanach inniúlachta teanga i mBéarla, i bhFraincis nó i nGearmáinis á léiriú acu san am céanna.

(9) Ba cheart a áirithiú leis an gCinneadh seo go dtairgfear tréimhsí oiliúna don oiread iarrthóirí incháilithe is féidir. Dá bhrí sin is gá deiseanna oiliúna a theorannú d'iarrthóirí a bhfuil níos lú ná 6 seachtaine (42 lá féilire) de thaithí oibre faighte acu in aon institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht ar leith de chuid an Aontais.

(10) Faoi réir an chistithe a bheidh ar fáil, tugtar isteach leis an gCinneadh seo liúntais bhreise, laghdaítear an fad ama chun costais taistil a aisíoc go dtí an áit cheapacháin agus uaidh, agus déantar an deontas míosúil a choigeartú de réir na háite ceapacháin.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Cinntí C(2005) 458 ón gCoimisiún maidir leis na rialacha lena rialaítear scéim oifigiúil tréimhsí oiliúna an Choimisiúin Eorpaigh agus C(2007) 1221 maidir le méid an deontais d'oiliúnaithe faoi scéim oifigiúil tréimhsí oiliúna an Choimisiúin Eorpaigh a shocrú, a aisghairm agus an Cinneadh seo a chur ina n-ionad,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Raon feidhme

Rialaítear an clár oiliúna Blue Book leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'an clár oiliúna Blue Book' clár oifigiúil oiliúna an Choimisiúin Eorpaigh;

(b) ciallaíonn 'oiliúnaí' duine a ghlacann páirt sa chlár oiliúna Blue Book, gan beann ar an áit cheapacháin;

(c) ciallaíonn 'Oifig na dTréimhsí Oiliúna' an t-eintiteas atá freagrach as bainistiú riaracháin an chláir oiliúna Blue Book;

(d) ciallaíonn 'iarrthóir' duine a bhfuil iarratas foirmiúil déanta aige ar an gclár oiliúna Blue Book gan beann ar a stádas roghnúcháin;

(e) ciallaíonn 'tairiscint tréimhse oiliúna' tairiscint arna déanamh ag an gCoimisiún chun comhaontú maidir le tréimhse oiliúna a thabhairt i gcrích;

([7]) Cinneadh ón gCoimisiún an 6 Samhain 2025 maidir leis na forálacha ginearálta i leith Airteagal 27 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 12(1) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme [C(2025) 7357].

(f) ciallaíonn ‘comhaontú tréimhse oiliúna’ conradh idir an Coimisiún agus oiliúnaí, ina leagtar amach téarmaí agus coinníollacha an chláir oiliúna, lena n-áirítear freagrachtaí, oibleagáidí agus tairbhí an oiliúnaí, chomh maith le cearta agus freagrachtaí an Choimisiúin..

CAIBIDIL II

CINEÁLACHA TRÉIMHSÍ OILIÚNA AGUS CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA GHAOLMHARA

Airteagal 3

Critéir incháilitheachta ghinearálta

1. Beidh na hiarrthóirí 18 mbliana d’aois ar a laghad ar dháta tosaigh a dtréimhse oiliúna.

2. Beidh iarrthóirí ina náisiúnaigh de Bhallstát den Aontas Eorpach nó de thír is iarrthóir a thairbhíonn de straitéis réamhaontachais. In imthosca eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, ní mór don tseirbhís, ar mian léi glacadh le hiarratais ar thréimhse oiliúna ó náisiúnaigh tíortha nach tíortha den Aontas iad, comhaontú a lorg roimh ré ón Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus um Shlándáil.

3. Le linn na céime roghnúcháin, féadfaidh ranna áirithe de chuid an Choimisiúin a chinneadh gan a bpoist oiliúna a oscailt d’iarrthóirí réamhroghnaithe ar náisiúnaigh tríú tír iad mar gheall ar chineál na gcúraimí atá beartaithe, gan beann ar mhír 2. Foilseofar faisnéis ábhartha, arna soláthar ag ranna an Choimisiúin, ar shuíomh gréasáin tiomnaithe faoi bhainistiú Oifig na dTréimhsí Oiliúna.

4. Déanfar iarrthóirí a fuair aon taithí ghairmiúil roimhe sin nó a bheidh i mbun taithí ghairmiúil in institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht Eorpach ([8]) ar faide í ná 6 seachtaine (42 lá féilire) sula gcuirfidh siad tús lena dtréimhse oiliúna a eisiamh ón tréimhse oiliúna. Áirítear sa mhéid sin aon chineál tréimhse oiliúna (bíodh sí foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, íoctha nó neamhíoctha, lánaimseartha nó páirtaimseartha), chomh maith post mar chúntóir parlaiminteach creidiúnaithe nó mar chúntóir d’Fheisire de Pharlaimint na hEorpa, mar shainchomhairleoir nó taighdeoir *intra-muros*, mar bhall foirne sealadach, mar bhall foirne ar conradh, mar bhall foirne eatramhach, etc.

Airteagal 4

Cineálacha Tréimhsí Oiliúna Blue Book agus critéir incháilitheachta shonracha ghaolmhara

1. Beidh dhá chineál tréimhse oiliúna ann: tréimhsí oiliúna sa riarachán a bheidh dírithe ar chéimithe ardoideachais agus ar chéimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, agus tréimhsí oiliúna san aistriúchán.

2. De réir cineál sonrach na tréimhse oiliúna Blue Book, comhlíonfaidh iarrthóirí na coinníollacha seo a leanas freisin:

2.1. I gcás tréimhse oiliúna Blue Book sa riarachán a bheidh dírithe ar chéimithe ardoideachais, beidh an méid seo a leanas ag na hiarrthóirí:

(a) leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile 3 bliana ar a laghad agus a chomhfhreagraíonn do leibhéal 6 sa Chreat Eorpach um Cháilíochtaí agus ar baineadh deimhniú céime amach dá bharr a bronnadh roimh an sprioc-am le hiarratas a dhéanamh,

(b) eolas an-mhaith ar an mBéarla, ar an bhFraincis nó ar an nGearmáinis ar a laghad ar leibhéal C1 ar a laghad sa Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach(‘CCTE’) agus, i gcás iarrthóirí ar náisiúnaigh de Bhallstát iad, ar cheann amháin eile de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, ar leibhéal B2 ar a laghad in CCTE.

([8]) Is féidir teacht ar liosta iomlán institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh: Próifílí institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais | An tAontas Eorpach.

2.2. I gcás tréimhse oiliúna Blue Book sa riarachán a bheidh dírithe ar chéimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, beidh an méid seo a leanas ag na hiarrthóirí:

(a) cáilíocht ghairmoideachais agus ghairmoiliúna ar leibhéil 3, 4 nó 5 ar a laghad sa Chreat Eorpach um Cháilíochtaí ar baineadh deimhniú gairmoiliúna amach dá bharr a bronnadh roimh an sprioc-am le hiarratas a dhéanamh,

(b) eolas maith ar an mBéarla, ar an bhFraincis nó ar an nGearmáinis ar a laghad ar leibhéal B2 ar a laghad in CCTE agus, i gcás iarrthóirí ar náisiúnaigh de Bhallstát iad, ar cheann amháin eile de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, ar leibhéal A2 ar a laghad in CCTE.

2.3. I gcás tréimhse oiliúna Blue Book san aistriúchán, beidh an méid seo a leanas ag na hiarrthóirí:

(a) leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile 3 bliana ar a laghad agus a chomhfhreagraíonn do leibhéal 6 sa Chreat Eorpach um Cháilíochtaí, ar baineadh deimhniú céime amach dá bharr agus a bronnadh roimh an sprioc-am le hiarratais a dhéanamh,

(b) príomhtheanga, ar ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh í, ar leibhéal C2 in CCTE nó mar mháthairtheanga, dara teanga, arb é a bheidh inti an Béarla, an Fhraincis nó an Ghearmáinis, ar leibhéal C1 ar a laghad in CCTE, agus tríú teanga, ar cheann amháin eile de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh í, ar leibhéal B2 ar a laghad in CCTE.

CAIBIDIL III

NÓSANNA IMEACHTA IARRATAIS, RÉAMHROGHNÚCHÁIN AGUS ROGHNÚCHÁIN

Airteagal 5

Iarratas

1. Bunóidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna an nós imeachta iarratais agus cuirfear gach iarratas isteach i gcomhréir leis an nós imeachta sin. Foilseofar na treoracha uile is gá ar shuíomh gréasáin tiomnaithe faoi bhainistiú Oifig na dTréimhsí Oiliúna.

2. Ní chuirfidh na hiarrthóirí ach iarratas amháin isteach ar sheisiún oiliúna ar leith.

3. Ní mór d'iarrthóirí cóipeanna de chéimeanna nó de dheimhnithe eile a sholáthar mar chruthúnas ar na cáilíochtaí uile is gá, lena n-áirítear na staidéir uile, na deimhnithe cáilíochta gairmoideachais agus gairmoiliúna uile, agus an taithí ghairmiúil agus idirnáisiúnta uile atá dearbhaithe ina n-iarratas. I gcás staidéir dhearbhaithe agus oiliúint dhearbhaithe a bhfuiltear ina mbun go fóill, beidh gá le dearbhú oifigiúil ón institiúid nó ón soláthraí ábhartha ina leith.

4. Iarrthóirí nár eisíodh a ndeimhnithe céime i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, iarrfar orthu aistriúchán ar na doiciméid sin go Béarla, go Fraincis nó go Gearmáinis a sholáthar.

5. Beidh bonn cirt iomchuí ina thaca leis an eolas ar na teangacha arna ndearbhú san iarratas, lena n-áirítear deimhnithe céime, cruthúnas go ndearna an t-iarrthóir staidéar ar feadh tréimhse áirithe sa teanga atá i gceist. Níl feidhm ag an gceanglas sin maidir le máthairtheanga an iarrthóra.

6. Diúltóidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna go huathoibríoch gach iarratas a gheofar tar éis an dáta deiridh. Soláthróidh iarrthóirí na doiciméid tacaíochta uile de réir mar a cheanglaítear leis an nós imeachta bunaithe. Ní ghlacfaidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna le haon athrú faisnéise tar éis an sprioc-ama le hiarratas a dhéanamh.

Airteagal 6

Réamhroghnú

1. Is é príomhchuspóir an réamhroghnúcháin an rogha is fearr is féidir d'iarrthóirí a chur ar fáil do ranna an Choimisiúin a bhfuil an raon cúlraí oideachais is leithne is féidir acu agus as an raon geografach is leithne is féidir i leith náisiúnaigh na mBallstát, as ar féidir lena ranna a roghnú deiridh a dhéanamh.

2. Déanfaidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna an réamhroghnú de réir na dtreoirlínte agus na gcritéar réamhroghnúcháin a fhoilseofar ar shuíomh gréasáin tiomnaithe. Déantar an réamhroghnú faoi rún agus ní bhíonn a thorthaí ar fáil ach d'Oifig na dTréimhsí Oiliúna.

3. Forchoimeádann Oifig na dTréimhsí Oiliúna an ceart an próiseas agus na critéir réamhroghnúcháin a leasú de réir mar is gá agus nuair is gá. Foilseoidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna na hathruithe sin ar shuíomh gréasáin tiomnaithe roimh thús na tréimhse iarratais.

4. Sainaithneoidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna na hiarrthóirí is fearr a chomhlíonann na critéir roghnúcháin ar bhonn na faisnéise a bheidh dearbhaithe san fhoirm iarratais.

5. Cuirfidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna na rátaí treorach i bhfeidhm i gcomhréir leis na forálacha ginearálta maidir le cur chun feidhme Airteagal 27 de na Rialacháin Foirne agus Airteagal 12(1) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

6. Cuirfidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna na hiarrthóirí ar an eolas faoina réamhroghnú tar éis na seiceála incháilitheachta agus fhíorú na ndoiciméad tacaíochta.

Airteagal 7

Roghnú

1. **Iarrthóirí réamhroghnaithe**

1.1. Cuirfidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna iarrthóirí réamhroghnaithe i mbunachar sonraí a bheidh ar fáil do na ranna agus na seirbhísí go léir a bheidh rannpháirteach sa chlár oiliúna Blue Book le haghaidh an roghnaithe deiridh, dá ngairtear an Blue Book Fíorúil anseo feasta. Beidh an líon iarratasóirí sa Blue Book Fíorúil suas le trí huaire níos mó ná líon na bpost oiliúna a bheidh ar fáil.

1.2. Agus riachtanais agus infhaighteacht buiséadach na ranna agus na seirbhísí á gcur san áireamh, déanfaidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna amach líon na dtréimhsí oiliúna a shannfar do gach seirbhís le haghaidh gach seisiúin oiliúna. Ullmhóidh na seirbhísí tuairisc mhionsonraithe ar phost ina leagfar amach na príomhcheanglais agus na príomhfhreagrachtaí a bhaineann le gach post a leithdháileadh.

1.3. Leagfaidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna amach an nós imeachta d'iarrthóirí réamhroghnaithe trínar féidir leo iarratas a dhéanamh ar na poist sin. Foilseofar an nós imeachta ar shuíomh gréasáin tiomnaithe. I gcás nach sainaithneofar aon iarrthóir oiriúnach nó nach bhfaighfear aon iarratas ar phost ar leith, is féidir leis na seirbhísí cuardach réamhghníomhach a dhéanamh ar iarrthóirí réamhroghnaithe laistigh den Blue Book Fíorúil chun iarrthóirí oiriúnacha a shainaithint a chomhlíonann na critéir réamhshainithe a bhaineann leis na poist sin.

1.4. Is faoi fhreagracht ranna agus sheirbhísí an Choimisiúin amháin an cinneadh deiridh iarrthóirí a roghnú agus ní thiocfaidh an cinneadh sin i bhfeidhm go dtí go seolfaidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna an tairiscint socrúcháin.

2. **Iarrthóirí roghnaithe**

2.1. Síneoidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna tairiscint tréimhse oiliúna agus seolfaidh sí chuig na hiarrthóirí roghnaithe go léir í lena síniú. Measfar go bhfuil glactha leis an tairiscint tréimhse oiliúna agus, dá bhrí sin, measfar gur comhaontú tréimhse oiliúna í nuair a bheidh sí sínithe ag an iarrthóir agus faighte ag Oifig na dTréimhsí Oiliúna. Ní fhéadfar ach aon tréimhse oiliúna amháin a thairiscint do na hiarrthóirí roghnaithe le haghaidh seisiún oiliúna ar leith.

2.2. Áiritheoidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna go gcuirfidh iarrthóirí roghnaithe nach iarrthóirí de chuid an Aontais iad na doiciméid uile ar fáil a theastaíonn ó údaráis na tíre chun cónaí agus obair a dhéanamh go dleathach inti le linn a dtréimhse oiliúna.

2.3. Déanfar iarrthóirí roghnaithe a dhiúltaigh tairiscint tréimhse oiliúna a eisiamh ón bpróiseas roghnúcháin a bheidh ar bun.

3. **Iarratasóirí nár éirigh leo**

Na hiarratasóirí nár éirigh leo, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh an athuair ar aon seisiún oiliúna dá éis sin trí iarratas nua a chur isteach, lena n-áirítear doiciméid tacaíochta.

4. **Tarraingt siar**

Ag aon chéim den iarratas, den réamhroghnú agus den roghnú, féadfaidh iarrthóirí a n-iarratas a tharraingt siar tríd an gcinneadh sin a chur in iúl i scríbhinn d'Oifig na dTréimhsí Oiliúna. Déanfar a n-iarratas a tharraingt siar ansin as na céimeanna den phróiseas (réamh)roghnúcháin a bheidh ann dá éis sin. Féadfaidh siad iarratas a dhéanamh an athuair ar aon seisiún oiliúna dá éis sin trí iarratas nua a chur isteach, lena n-áirítear doiciméid tacaíochta.

5. **Próiseáil sonraí pearsanta**

Comhlíonfaidh an próiseas roghnúcháin faoin gcaibidil seo Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) maidir le sonraí pearsanta ag gach céim den phróiseas iarratais.

Ní dhéanfaidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna comhaid na n-iarratasóirí a athúsáid ó sheisiún amháin go seisiún eile.

CAIBIDIL IV

FAD AGUS SEISIÚIN NA DTRÉIMHSÍ OILIÚNA

Airteagal 8

1. Mairfidh gach seisiún oiliúna 5 mhí.

2. I gcásanna eisceachtúla cuí-réasúnaithe, ar chomhaontú leis an eintiteas óstach, féadfar an tréimhse oiliúna a ghiorrú go tréimhse is lú ná 5 mhí, agus is í 3 mhí an fad íosta. Sna cásanna sin tosóidh an comhaontú tréimhse oiliúna an 1ú nó an 16ú de mhí áirithe.

3. Níl feidhm ag an teorainn faoi mhír 1 maidir le hoiliúnaithe a leanann ar aghaidh mar chomhaltaí den Choiste Idirchaidrimh faoi Airteagal 26.

4. Bíonn dhá sheisiún oiliúna ann in aghaidh na bliana:

(a) ón 1 Márta go dtí an 31 Iúil; agus

(b) ón 1 Deireadh Fómhair go dtí lá deireanach mhí Feabhra na bliana dár gcionn.

Airteagal 9

Na hoiliúnaithe foirceannadh a dhéanamh go luath

Ceanglófar ar oiliúnaithe ar mian leo a dtréimhse oiliúna a fhoirceannadh níos luaithe ná an dáta deiridh a bheidh sonraithe sa chomhaontú tréimhse oiliúna iarraidh i scríbhinn a chur faoi bhráid Oifig na dTréimhsí Oiliúna faoi na sprioc-amanna a bheidh leagtha síos agus curtha in iúl do na hoiliúnaithe i dtús na tréimhse oiliúna agus tar éis dóibh a gcomhairleoir oiliúna agus comhordaitheoir na tréimhse oiliúna a chur ar an eolas faoi sin.

Ní féidir tréimhse oiliúna a fhoirceannadh ach ar an 15ú lá nó ar an lá deireanach de gach mí.

([9]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

Airteagal 10

An Coimisiún foirceannadh a dhéanamh go luath

1. Féadfaidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna an tréimhse oiliúna a fhoirceannadh tráth ar bith, más léir go ndearna an t-oiliúnaí dearbhuithe éagóracha go feasach nó gur sholáthair sé ráitis bhréagacha nó doiciméid bhréagacha tráth an iarratais nó le linn na tréimhse oiliúna de shárú ar Airteagal 5.

2. Tar éis iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ó sheirbhís acmhainní daonna an eintitis óstaigh, féadfaidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna tréimhse oiliúna a fhoirceannadh tráth ar bith tar éis dó éisteacht leis an oiliúnaí. Féadfaidh sárú ar an gCinneadh seo, lena n-áirítear na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, sárú ar an gcomhaontú tréimhse oiliúna, nó cásanna a bhaineann le tearcfheidhmíocht, nó iompraíocht an oiliúnaí, a bheith ina chuid de na forais le foirceannadh.

3. I gcás ina ndéanfar iarraidh faoi mhír 2 ar chúis tearcfheidhmíochta (lena n-áirítear scileanna teanga neamhleora), tabharfaidh a gcomhairleoir oiliúna fógra do na hoiliúnaithe faoin tearcfheidhmíocht agus tabharfaidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna cuireadh dóibh chuig plé a bheidh dírithe ar a bhfeidhmíocht a fheabhsú. Ní fhéadfar an tréimhse oiliúna a fhoirceannadh ach amháin mura dtiocfaidh feabhas ar an bhfeidhmíocht sa choicís tar éis an phlé sin.

Airteagal 11

An tréimhse oiliúna a chur ar fionraí

1. I gcásanna eisceachtúla agus tar éis di iarraidh chuí-réasúnaithe i scríbhinn a fháil ón oiliúnaí ina mbeidh na cúiseanna ábhartha luaite, féadfaidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna fionraíocht suas le 2 mhí a dheonú, ar choinníoll gur 3 mhí ar a laghad a bheidh in iomlán na tréimhse oiliúna gníomhaí.

2. Cuirfear an deontas tréimhse oiliúna agus na híocaíochtaí eile ar fionraí le linn na tréimhse ábhartha, agus ní bheidh an t-oiliúnaí i dteideal aisíocaíocht a fháil ar aon speansas taistil ná ar aon speansas árachais sláinte agus timpiste a tabhaíodh i ndáil leis an tréimhse fionraíochta. Ní aisíocfar aon iarraidh ar aisíocaíocht árachais sláinte a dhéanfaidh an t-oiliúnaí le linn na tréimhse sin.

3. Ní féidir leis an oiliúnaí teacht ar ais chun an chuid den tréimhse oiliúna nár críochnaíodh a dhéanamh ach go dtí deireadh tréimhse thosaigh na tréimhse oiliúna.

CAIBIDIL V

CÚRSAÍ AIRGEADAIS

Airteagal 12

Deontas míosúil

1. **Deontas míosúil**

1.1. Dámhfar deontas míosúil ar oiliúnaithe. Tá an deontas míosúil d'oiliúnaithe socraithe ag 25 % de bhuntuarastal oifigigh ar ghrád AD5, céim 1. Foilseofar an bundeontas le haghaidh gach seisiúin oiliúna i dtús gach tréimhse iarratais ar shuíomh gréasáin tiomnaithe faoi bhainistiú Oifig na dTréimhsí Oiliúna.

1.2. Tar éis nuashonrú bliantúil nó idirmheánach a dhéanamh ar bhuntuarastal oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, féadfar an deontas míosúil a thabhairt cothrom le dáta le haghaidh an tseisiúin a bheidh ann dá éis sin, chun é a ailíniú le leibhéal coigeartaithe an bhuntuarastail dá dtagraítear i mír 1.1. Ní athrófar an deontas míosúil cothrom le dáta le linn an tseisiúin oiliúna.

2. **Coigeartú an chostais maireachtála i gcás suíomhanna eile**

An deontas míosúil a gheobhaidh oiliúnaithe a cheapfar i suíomh cé is moite den Bhruiséil agus de Lucsamburg, beidh sé faoi réir comhéifeacht cheartúcháin a mbeidh feidhm aici maidir leis na suíomhanna sin de réir analach le hAirteagal 64 de na Rialacháin Foirne. Foilseofar méid coigeartaithe na ndeontas tréimhse oiliúna ar shuíomh gréasáin tiomnaithe faoi bhainistiú Oifig na dTréimhsí Oiliúna.

3. **Oiliúnaithe foirceannadh luath a iarraidh**

Cé is moite d'fhoirceannadh faoi Airteagal 28, ceanglófar ar oiliúnaithe a bhfoirceannfar a dtréimhse oiliúna roimh an dáta deiridh a bheidh luaite sa chomhaontú tréimhse oiliúna an cion den deontas míosúil a fuarthas tar éis an dáta foirceanta a aisíoc. Ní aisíocfar ranníocaíochtaí árachais sláinte agus timpiste a baineadh den deontas míosúil cheana.

Airteagal 13

Liúntas taistil

1. Faoi réir an chistithe a bheidh ar fáil, gheobhaidh oiliúnaithe liúntas taistil mar ranníocaíocht leis an speansas taistil arna dtabhú chun taisteal chuig an áit cheapacháin agus uaidh i dtús agus i ndeireadh a dtréimhse oiliúna. Íocfar an liúntas mar íocaíocht aonuaire i dtús na tréimhse oiliúna.

2. Bunóidh an Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus um Shlándáil an liúntas taistil ar bhonn an mheán-achair idir príomhchathracha an Aontais agus an Bhruiséil, i.e. 1 300 km, agus an méid comhfhreagrach dá bhforáiltear i gclár Erasmus+. Foilseofar an méid cruinn ar shuíomh gréasáin tiomnaithe faoi bhainistiú Oifig na dTréimhsí Oiliúna.

3. Nuair a thogróidh oiliúnaithe an tréimhse oiliúna a fhoirceannadh sula mbeidh an íostréimhse oiliúna curtha i gcrích acu ar chúiseanna cé is moite de bhreoiteacht thromchúiseach nó *force majeure*, déanfaidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna leath den liúntas taistil íoctha a aisghabháil.

Airteagal 14

Liúntas cóiríochta d'oiliúnaithe a bheidh ceaptha i Lucsamburg

1. Faoi réir an chistithe a bheidh ar fáil, gheobhaidh oiliúnaithe a cheapfar i ranna an Choimisiúin i Lucsamburg agus a mbeidh cónaí orthu in Ard-Diúcacht Lucsamburg le linn a dtréimhse oiliúna liúntas cóiríochta forlíontach chun a gcostais chóiríochta a chumhdach go páirteach. Íocfar an liúntas sin in éineacht leis an deontas míosúil tar éis do na hoiliúnaithe na doiciméid ábhartha a chur isteach lena gcruthófar go bhfuil an t-oiliúnaí ina chónaí i Lucsamburg le linn na tréimhse oiliúna.

2. Beidh méid an liúntais cóiríochta ag freagairt do 20 % den deontas míosúil a bheidh beartaithe le haghaidh gach seisiúin oiliúna agus foilseofar é ar shuíomh gréasáin tiomnaithe faoi bhainistiú Oifig na dTréimhsí Oiliúna i dtús gach tréimhse iarratais.

Airteagal 15

Liúntas béile agus iompair phoiblí

I gcás nach mbeidh aon tacaíocht eile i bhfeidhm i leith béilí agus iompar poiblí agus faoi réir an chistithe a bheidh ar fáil, féadfaidh oiliúnaithe liúntas míosúil a fháil lena ranníocfar lena gcostais béilí agus iompair phoiblí. Comhfhreagróidh méid an liúntais sin do 5 % den deontas míosúil agus foilseofar é ar shuíomh gréasáin tiomnaithe faoi bhainistiú Oifig na dTréimhsí Oiliúna i dtús gach tréimhse iarratais. Íocfar an liúntas in éineacht leis an deontas míosúil.

Airteagal 16

Liúntas laethúil agus liúntas taistil le haghaidh cuairteanna a bhaineann le tréimhse oiliúna ón áit cheapacháin go dtí an Bhruiséil

1. Oiliúnaithe nach í an Bhruiséil a n-áit cheapacháin, beidh siad i dteideal liúntas taistil a fháil nuair a thabharfaidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna cuireadh oifigiúil dóibh chun na Bruiséile chun freastal ar imeacht agus/nó ar chúrsa oiliúna ar leith.

2. De bhreis ar an liúntas agus faoi na coinníollacha céanna a leagtar amach i mír 1, beidh oiliúnaithe nach í an Bhruiséil a n-áit cheapacháin agus nach mbeidh áit chónaithe acu sa Bhruiséil i dteideal liúntas laethúil a fháil a chomhfhreagróidh don liúntas cothaithe laethúil a bheidh socraithe le haghaidh na Beilge faoi Airteagal 13 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

3. Beidh an liúntas cothaithe laethúil ar aon mhéid leis an liúntas cothaithe laethúil a bheidh socraithe le haghaidh baill foirne reachtúla i gCinneadh C(2025) 2495 ón gCoimisiún maidir leis na forálacha ginearálta lena gcuirtear chun feidhme Airteagail 11, 12 agus 13 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialacháin Foirne na nOifigeach agus taisteal údaraithe. Is í Oifig na dTréimhsí Oiliúna a leagann síos na rialacha mionsonraithe agus an nós imeachta atá le leanúint.

Airteagal 17

Ciste teagmhasach

Féadfaidh an Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus um Shlándáil a chinneadh íocaíocht *ad hoc* a dheonú d'oiliúnaithe nó dá ngaolta i gcásanna cruatain eisceachtúil nó in imthosca eisceachtúla (e.g.timpiste thromchúiseach nó bás oiliúnaí).

Airteagal 18

Cánacha agus ranníocaíochtaí slándála sóisialta

Ní rialaítear an deontas agus na liúntais a bhaineann leis an tréimhse oiliúna le Rialachán (CE, Euratom, CEGC) Uimh. 260/68 ([10]) a bhfuil feidhm aige maidir le hoifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh. Is iad na hoiliúnaithe amháin a bheidh freagrach as aon cháin agus aon ranníocaíocht slándála sóisialta a dhearbhú agus a íoc de bhua na ndlíthe is infheidhme san áit a mbeidh cónaí fioscach orthu. I ndeireadh na tréimhse oiliúna, cuirfidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna deimhniú ar fáil ina luafar méid an deontais agus na liúntas a fuarthas agus deimhneoidh sí nach ndearna an Coimisiún íocaíochtaí cánach agus slándála sóisialta.

CAIBIDIL VI

SLÁNDÁIL

Airteagal 19

Faisnéis rúnaicmithe AE agus slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise

Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint ([11]), Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún ([12]), agus Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46 an 10 Eanáir 2017 ón gCoimisiún maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún Eorpach ([13]), nó cinntí a dhéanfaidh an Coimisiún amach anseo maidir leis na hábhair chéanna, beidh feidhm acu maidir le hoiliúnaithe.

([10]) Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 260/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos na coinníollacha agus an nós imeachta maidir leis an gcáin a chur i bhfeidhm chun tairbhe na gComhphobal Eorpach (IO L 56, 4.3.1968, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1968/260/oj).

([11]) IO L 23, 17.3.2015, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/444/oj.

([12]) IO L 72, 17.3.2015, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/443/oj.

([13]) IO L 6, 11.1.2017, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/46/oj.

Airteagal 20

Scagadh náisiúnach tríú tír

Nuair is mian le roinn de chuid an Choimisiúin náisiúnach tríú tír a roghnú le haghaidh tréimhse oiliúna agus nuair is gá di rochtain a thabhairt dó ar fhaisnéis nó ar líonraí de chuid an Choimisiúin, déanfaidh Stiúrthóireacht Slándála na hArd-Stiúrthóireachta um Acmhainní Daonna agus um Shlándáil, arna iarraidh sin d'Oifig na dTréimhsí Oiliúna, scagadh náisiúnaigh tríú tír chun meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus chun bearta maolaithe a mholadh.

CAIBIDIL VII

OILIÚNAITHE FAOI MHÍCHUMAS

Airteagal 21

Liúntas míchumais

1. Nuair a chuirfear isteach cruthúnas ar mhíchumas aitheanta, arna eisiúint ag údarás náisiúnta inniúil, beidh oiliúnaithe faoi mhíchumas incháilithe do liúntas forlíontach suas le 50 % den deontas míosúil. Foilseofar an nós imeachta maidir leis an liúntais sin a éileamh ar shuíomh gréasáin Oifig na dTréimhsí Oiliúna.

2. I gcásanna eisceachtúla cuí-réasúnaithe (e.g. cúntóir pearsanta), féadfar tacaíocht airgeadais bhreise a dheonú. Mar sin féin, ní rachaidh an deontas míosúil, an liúntas míchumais agus an tacaíocht airgeadais bhreise thar choibhéis dhá dheontas mhíosúla.

Airteagal 22

Cóiríocht réasúnta

1. Cuirfidh ranna an Choimisiúin cóiríocht réasúnta ar fáil d'oiliúnaithe faoi mhíchumas a aithneofar i ndeimhniú míchumais arna eisiúint ag údarás náisiúnta inniúil.

2. Is éard a bheidh i gceist le cóiríocht réasúnta, bearta iomchuí, i gcás inar gá, chun a chur ar a chumas d'oiliúnaí faoi mhíchumas rochtain a fháil ar an gclár oiliúna Blue Book agus páirt a ghlacadh ann, mura rud é go bhforchuirfeadh na bearta sin ualach díréireach ar an gCoimisiún.

Airteagal 23

Gníomhaíochtaí dearfacha

Féadfaidh an Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus um Shlándáil gníomhaíochtaí dearfacha a dhéanamh chun rochtain ar an gclár oiliúna a áirithiú d'iarrthóirí faoi mhíchumas chun comhionannas iomlán a áirithiú sa chleachtas. Foilseofar módúlachtaí na ngníomhaíochtaí sin ar shuíomh gréasáin tiomnaithe faoi bhainistiú Oifig na dTréimhsí Oiliúna.

CAIBIDIL VIII

CEARTA AGUS OIBLEAGÁIDÍ

Airteagal 24

Cearta agus oibleagáidí oiliúnaithe

Áiritheoidh an Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus um Shlándáil go gcomhlíonfar na rialacha lena rialaítear an clár oiliúna Blue Book a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, sa chomhaontú tréimhse oiliúna, nó in aon doiciméad ábhartha eile arna ghlacadh chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear foirmeacha coinbhleachta leasa.

Airteagal 25

Ionadaíocht na nOiliúnaithe

Féadfaidh oiliúnaithe Coiste Oiliúnaithe a bhunú. Toghfaidh na hoiliúnaithe na comhaltaí as measc na n-oiliúnaithe féin agus is é an ról a bheidh ag na comhaltaí ionadaíocht a dhéanamh do phobal na n-oiliúnaithe, cúnamh a thabhairt dóibh más gá, agus gníomhaíochtaí a eagrú le linn na tréimhse oiliúna. Gníomhóidh Coiste na nOiliúnaithe faoina reacht féin agus go neamhspleách ar Oifig na dTréimhsí Oiliúna.

Airteagal 26

An Coiste Idirchaidrimh

Féadfaidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna cead a thabhairt do suas le seisear oiliúnaithe fanacht ar feadh mí eile i ndeireadh sheisiún mhí Dheireadh Fómhair, agus do suas le cúigear oiliúnaithe fanacht ar feadh 3 mhí eile i ndeireadh sheisiún mhí an Mhárta, chun an t-aistriú chuig an gcéad seisiún oiliúna eile a éascú agus chun cúnamh a thabhairt do na hoiliúnaithe nua ullmhú do thoghadh a gCoiste Oiliúnaithe.

CAIBIDIL IX

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 27

Gearáin

Féadfaidh oiliúnaithe ar mian leo agóid a dhéanamh in aghaidh cinneadh arna dhéanamh faoin gCinneadh seo scríobh chuig Oifig na dTréimhsí Oiliúna. Tabharfaidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna freagra do na hoiliúnaithe a luaithe is féidir.

Tá sé de cheart ag oiliúnaithe a mheasann go ndearnadh drochriaracháin ina leith gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh tar éis dóibh a líomhaintí a chur i scríbhinn chuig Oifig na dTréimhsí Oiliúna. Tabharfaidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna freagra do na hoiliúnaithe a luaithe is féidir.

Airteagal 28

Force majeure

I gcásanna *force majeure*, féadfaidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna an comhaontú tréimhse oiliúna a chur ar fionraí, a fhoirceannadh nó a mhodhnú nuair nach féidir na coinníollacha a chomhlíonadh maidir le cuspóirí na tréimhse oiliúna a bhaint amach.

Airteagal 29

Cur chun feidhme agus faireachán

Beidh an Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus um Shlándáil freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme go héifeachtach agus as faireachán éifeachtach a dhéanamh air laistigh de ranna an Choimisiúin agus áiritheoidh sé go gcuirfear i bhfeidhm go comhsheasmhach é.

Airteagal 30

Achomhairc

1. Aisghairtear Cinneadh C(2005) 458 ón gCoimisiún maidir leis na rialacha lena rialaítear scéim oifigiúil tréimhsí oiliúna an Choimisiúin Eorpaigh agus Cinneadh C(2007) 1221) ón gCoimisiún maidir le méid an deontais d'oiliúnaithe faoi scéim oifigiúil tréimhsí oiliúna an Choimisiúin Eorpaigh a shocrú.

2. Tréimhsí oiliúna ar cuireadh tús leis an bpróiseas iarratais ina leith roimh ghlacadh an Chinnidh seo, leanfaidh siad de bheith faoi rialú na gCinntí a luaitear i mír 1.

Airteagal 31

Dáta teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactha agus cuirfear i bhfeidhm é ó chéim iarratais an chéad seisiúin tréimhse oiliúna tar éis an dáta sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Piotr SERAFIN
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Téarmaí agus coinníollacha lena rialaítear an chláir oiliúna Blue Book

1. Coinníollacha oibre ginearálta

1.1. *Áit na tréimhse oiliúna*

Déantar na tréimhsí oiliúna i suíomh roinn an Choimisiúin inar ceapadh an t-oiliúnaí.

Na socruithe oibre hibrideacha a bhfuil feidhm acu maidir le hoifigigh agus gníomhairí eile arna leagan amach in Airteagal 10 de Chinneadh C(2022)1788 ón gCoimisiún, beidh feidhm acu maidir le hoiliúnaithe chomh maith de réir analaí. Dá réir sin, féadfaidh oiliúnaithe teilea-obair agus obair san oifig a dhéanamh. Féadfar freisin cead a thabhairt dóibh a bheith ag teilea-obair ó áit lasmuigh dá n-áit cheapacháin ar feadh 5 lá ar a mhéad in aghaidh na seisiúin oiliúna má fhaigheann siad cead óna mbainisteoir líne.

1.2. *Uaireanta oibre agus laethanta saoire*

Is iad na huaireanta oibre a bheidh infheidhme na huaireanta oibre is infheidhme maidir le hoifigigh agus gníomhairí eile arna leagan amach in Airteagal 5.1 de Chinneadh C(2022)1788 ón gCoimisiún. Beidh oiliúnaithe i dteideal na laethanta saoire céanna a fháil a fhaigheann oifigigh an Choimisiúin. Cláróidh oiliúnaithe a n-uaireanta oibre laethúla agus féadfaidh siad aon ragobair a dhéanfaidh siad a fhritháireamh ach ní fhéadfaidh siad í a aisghabháil.

Beidh oiliúnaithe i dteideal 2 lá saoire bliantúla a fháil in aghaidh na míosa oiliúna. Gheofar an teidlíocht sin *pro rata* de réir fhad na tréimhse oiliúna arna ríomh ón gcéad lá den mhí. Ní dhéanfar aon íocaíocht as saoire bhliantúil nár glacadh le linn na tréimhse oiliúna. Ní féidir aon cheart saoire bliantúla a thabhairt anonn chuig conradh nua.

2. Sláinte agus sábháilteacht

2.1. *Neamhláithreachtaí*

2.1.1. *Neamhláithreacht i gcás breoiteachta*

I gcás breoiteachta cuirfidh oiliúnaithe fógra chuig a gcomhairleoirí oiliúna a luaithe is féidir. Ón gceathrú lá féilire den bhreoiteacht tabharfaidh siad teastas leighis lena gcuirfear in iúl an fad is dócha a mhairfidh an bhreoiteacht. Is féidir go mbeidh oiliúnaithe faoi réir seiceálacha leighis le leas na seirbhíse agus mar gheall ar an dualgas cúraim.

Níor cheart níos mó ná 6 lá ar feadh na tréimhse oiliúna a bheith i gceist le neamhláithreachtaí i gcás breoiteachta nach dteastaíonn teastas leighis ina leith.

Seolfar teastas leighis chuig aonad neamhláithreachtaí leighis an Choimisiúin laistigh de 5 lá féilire ó thús na neamhláithreachta. Más amhlaidh, le linn na tréimhse oiliúna, atá an t-oiliúnaí ar shaoire bhreoiteachta gan teastas leighis ar feadh níos mó ná 5 lá san iomlán, cuirfidh sé teastas leighis ar fáil le haghaidh aon neamhláithreacht bhreoiteachta bhreise.

2.1.2. *Neamhláithreachtaí gan údar*

Nuair a bheith oiliúnaithe as láthair gan údar nó gan fógra a thabhairt faoi sin dá gcomhairleoir oiliúna, cuirfidh an roinn de chuid an Choimisiún ina bhfuil an t-oiliúnaí ceaptha Oifig na dTréimhsí Oiliúna ar an eolas faoi sin.

Nuair nach dtabharfaidh oiliúnaithe údar lena neamhláithreacht neamhúdaraithe, bainfidh an tseirbhís is ábhartha na laethanta neamhláithreachta sin dá dteidlíocht saoire.

Aisghabhfaidh Oifig na dTréimhsí Oiliúna aon ró-íocaíocht i leith an deontais mhíosúil agus liúntais eile.

2.2. *Tacaíocht shíceasóisialta*

Beidh oiliúnaithe in ann den tacaíocht shíceasóisialta a chuireann Seirbhís Leighis an Choimisiúin ar fáil. Féadfaidh oiliúnaithe dul i dteagmháil leis na foirne síceasóisialta ina n-áit cheapacháin chun coinne a dhéanamh.

Tá an tacaíocht shíceasóisialta rúnda, tugtar í saor in aisce agus tá sí le meas mar thacaíocht ghearrthéarma amháin, tacaíocht nach dtagann in ionad comhairleoireacht speisialaithe ná fadtéarma.

2.3. ***Árachas sláinte***

Tá an t-árachas sláinte éigeantach i gcás na n-oiliúnaithe uile. Faoi thús na tréimhse oiliúna tabharfaidh na hoiliúnaithe cruthúnas go bhfuil siad cumhdaithe le hárachas sláinte le haghaidh fhad iomlán na tréimhse oiliúna. Mura mbeidh oiliúnaithe cumhdaithe le haon pholasaí árachais sláinte eile, árachófar iad go huathoibríoch in aghaidh na breoiteachta faoi na coinníollacha a leagtar amach i gcreatchonradh árachais an Choimisiúin. Sa chás sin, ranníocfaidh oiliúnaithe trian amháin den phréimh, méid a bhainfear go huathoibríoch den deontas míosúil.

2.4. ***Árachas timpiste***

Beidh na hoiliúnaithe cumhdaithe le hárachas timpiste faoi na coinníollacha a leagtar amach i gcreatchonradh árachais an Choimisiúin. Ranníocfaidh oiliúnaithe an deichiú cuid den phréimh, méid a bhainfear go huathoibríoch den deontas míosúil. Íocfaidh an Coimisiún fuílleach chostas an chumhdaigh.

3. **Cearta agus oibleagáidí oiliúnaithe**

3.1. ***Iompraíocht eiticiúil***

Cloífidh oiliúnaithe leis na treoracha arna dtabhairt ag a gcomhairleoirí oiliúna, ag a n-oifigigh uachtaracha agus ag Oifig na dTréimhsí Oiliúna.

Ní ghlacfaidh oiliúnaithe aon bhronntanas ná aon tairiscint aíochta a thairgfear dóibh ina gcáil mar oiliúnaithe gan cead a fháil roimh ré ó Oifig na dTréimhsí Oiliúna.

Mar sin féin, féadfar glacadh le bronntanas nó tairiscint aíochta a bhfuil luach suas le EUR 50 leis mar go measfar gur tugadh cead sa chás sin. Má thairgtear bronntanas nó tairiscint aíochta dóibh a bhfuil a luach os cionn EUR 50, iarrfaidh oiliúnaithe cead ó Oifig na dTréimhsí Oiliúna sula nglacfaidh siad leis. In aon chás, ní thabharfar cead má bhíonn an luach os cionn EUR 150. Ba cheart d'oiliúnaithe gan bronntanais agus tairiscintí aíochta a charnadh (fiú má tá a luach faoi bhun EUR 50 agus gan beann ar an bhfoinse) mar gur féidir coinbhleacht leasa a bheith i gceist leis sin.

Le linn na tréimhse oiliúna níor cheart d'oiliúnaithe glacadh le honóir ná suaitheantas ó aon rialtas ná ó fhoinse eile ina gcáil mar oiliúnaí gan cead a fháil roimh ré ó Oifig na dTréimhsí Oiliúna.

3.2. ***Coinbhleacht leasa***

Ní phléifidh oiliúnaithe le hábhair a mbaineann a leas pearsanta leo, go díreach nó go hindíreach, is féidir a chuirfidh bac lena neamhspleáchas agus, go háirithe, a leasanna teaghlaigh agus airgeadais.

I gcás ina mbeidh ar oiliúnaithe, mar chuid dá ndualgais, a bheith ag plé le hábhar dá dtagraítear i mír 1 thuas, cuirfidh siad a gcomhairleoir oiliúna ar an eolas faoi sin láithreach. Cuirfidh an comhairleoir oiliúna an t-ábhar faoi bhráid na seirbhíse is inniúil nó Oifig na dTréimhsí Oiliúna agus féadfaidh an tseirbhís sin nó an oifig sin gníomhaíocht a dhéanamh dá réir.

Roimh thús na tréimhse oiliúna, féadfaidh an roinn de chuid an Choimisiúin ina bhfuil oiliúnaí ceaptha a iarraidh air dearbhú coinbhleachta leasa sonrach a shíniú a bheidh formheasta ag an eintiteas atá freagrach as an eitic ar leibhéal an Choimisiúin. Féadfaidh an roinn de chuid an Choimisiúin ina bhfuil an t-oiliúnaí ceaptha aon bheart maolaithe riachtanach a thabhairt isteach agus cúnamh a fháil chuige sin ó Oifig na dTréimhsí Oiliúna más gá.

3.3. ***Ciapadh síceolaíoch agus gnéaschiapadh***

Ní dhéanfaidh oiliúnaithe aon chineál ciaptha shíceolaíoch ná gnéaschiaptha.

Aon oiliúnaí a ndearnadh ciapadh síceolaíoch nó gnéaschiapadh air, féadfaidh sé dul i muinín an Phríomhchomhairleora Iontaoibhe i gcomhréir leis an nós imeachta neamhfhoirmiúil a leagtar amach faoi Chaibidil II de Theidil II de Chinneadh C(2023) 8630 ón gCoimisiún nó Oifig Imscrúdaithe agus Araíonachta an Choimisiúin, i gcomhréir le Cinneadh C(2019) 4231 ón gCoimisiún.

Oiliúnaithe ar líomhnaíodh go ndearna siad ciapadh, féadfaidh siad *inter alia* a bheith faoi réir réamh-mheasúnú agus imscrúdú riaracháin.

3.4. *Gníomhaíochtaí lasmuigh den obair*

Dearbhóidh oiliúnaithe roimh ré aon ghníomhaíocht lasmuigh den obair, bíodh pá ag dul léi nó ná bíodh, a bheidh le déanamh le linn na tréimhse oiliúna, gníomhaíochtaí a bheidh ar bun cheana i dtús na tréimhse oiliúna san áireamh.

I gcás na ngníomhaíochtaí sin teastaíonn réamh-údarú scríofa ón gcomhairleoir oiliúna agus ón roinn de chuid an Choimisiúin ina bhfuil an t-oiliúnaí ceaptha tar éis dóibh an méid ama a bheidh i gceist leis an ngníomhaíocht a fhíorú agus a áirithiú nach mbaineann aon choinbhleacht leasa léi. Féadfaidh coinníollacha a bheith ina gcuid den fhormheas nó féadfar an formheas a dhiúltú más gá. Aon athrú a thiocfaidh ar na himthosca dá éis sin (e.g. cineál, raon, an méid ama i gceist, pá), tabharfar fógra faoi láithreach don roinn de chuid an Choimisiúin ina bhfuil an t-oiliúnaí ceaptha agus d'Oifig na dTréimhsí Oiliúna.

3.5. *An tSaoirse chun Tuairimí a Nochtadh, foilseacháin agus na meáin shóisialta*

Tá an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh ag oiliúnaithe, saoirse a fheidhmeofar agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabail na dílseachta agus na neamhchlaontachta. Staonfaidh siad ó aon nochtadh neamhúdaraithe faisnéise a fuair siad le linn a dtréimhse oiliúna, mura mbeidh an fhaisnéis sin curtha ar fáil don phobal cheana nó mura mbeidh rochtain ag an bpobal uirthi cheana.

Staonfaidh siad ó aon iompraíocht a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de dhínit na hinstitiúide nó a thabharfadh le fios go bhfuil an t-oiliúnaí ag labhairt ar a son, go háirithe i gcás nochtadh poiblí tuairimí, idirghníomhaíochtaí ar na meáin nó rannpháirtíocht in imeachtaí poiblí.

Oiliúnaithe a bhfuil sé beartaithe acu aon ábhar, leis féin nó le hábhair eile, lena bpléitear le hobair an Aontais nó le cúraimí na n-oiliúnaithe, a fhoilsiú nó a fháil foilsithe, cuirfidh siad an roinn de chuid an Choimisiúin ina bhfuil siad ceaptha agus Oifig na dTréimhsí Oiliúna ar an eolas faoi sin 30 lá ar a dhéanaí roimh an bhfoilsiú. An roinn de chuid an Choimisiúin ina bhfuil an t-oiliúnaí ceaptha, tar éis dó dul i gcomhairle le hOifig na dTréimhsí Oiliúna agus, i gcás ina mbeidh baol ann go ndéanfadh an t-ábhar dochar tromchúiseach do leasanna dlisteanacha an Aontais, leis an eintiteas atá freagrach as an eitic, féadfaidh sí cur in aghaidh an fhoilsithe.

Cloífidh oiliúnaithe le treoraíocht inmheánach an Choimisiúin faoi úsáid na meán sóisialta.

3.6. *Imeachtaí dlíthiúla*

Má iarrtar ar oiliúnaithe fianaise a thabhairt in imeachtaí dlíthiúla a bhaineann lena gcuid oibre sa Choimisiún, iarrfaidh siad réamh-údarú ó Oifig na dTréimhsí Oiliúna agus rachaidh an oifig sin i gcomhairle leis an roinn is ábhartha. Ní dhiúltófar cead ach i gcás ina mbeidh gá leis sin de bharr leasanna an Aontais agus nach dtarraingeofaí iarmhairtí coireachta ar an oiliúnaí de bharr an diúltaithe sin.

I gcás ina ndéanfaidh údarás náisiúnta breithiúnach nó póilíneachta iarraidh gan réamhfhógra agus inar gá an rúndacht nós imeachta a chaomhnú, is tar éis toghairm fhoirmiúil amháin a thógfar an oibleagáid rúndachta. Leanann an oibleagáid rúndacht a chaomhnú ar aghaidh tar éis dheireadh na tréimhse oiliúna.

3.7. *Sceithireacht, éilliú agus neamhrialtachtaí*

Na hoiliúnaithe a thiocfaidh, le linn dóibh a ndualgais a dhéanamh nó i dtaca lena ndéanamh, ar fhíorais as a eascróidh toimhde gur féidir go bhfuil gníomhaíocht mhídhleathach ann, lena n-áirítear calaois nó éilliú, a dhéanfadh dochar do leasanna an Aontais, nó ar iompraíocht a bhaineann le dualgais ghairmiúla a dhéanamh ar féidir go mbeidh i gceist leo faillí thromchúiseach i gcomhlíonadh oibleagáidí oifigeach nó seirbhíseach eile de chuid an Aontais, gníomhóidh siad i gcomhréir le hAirteagail 22a agus 22b de na Rialacháin Foirne agus leis na rialacha cur chun feidhme a bhaineann leo.

3.8. *Cearta maoine intleachtúla*

Na cearta maoine intleachtúla uile a bhaineann le hobair a rinneadh le linn tréimhsí oiliúna, is ar an gCoimisiún a thitfidh siad. Na cearta uile in aon scríbhinn nó in aon obair eile a rinne oiliúnaithe agus iad i mbun a ndualgas, is sealúchas de chuid an Aontais Eorpaigh a bheidh iontu i gcás ina mbainfidh an scríbhinn sin nó an obair sin lena ghníomhaíochtaí.

3.9. ***Úsáid phearsanta seirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide***

Is chun críoch gairmiúil agus i dtaca le déanamh dhualgais na n-oiliúnaithe amháin a chuirtear seirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) an Choimisiúin ar fáil. Ní féidir úsáid phearsanta na seirbhísí sin a cheadú ach amháin má bhíonn an úsáid sin teoranta agus réasúnta agus mura dtiocfaidh sí salach ar fhorálacha an phointe nó aon doiciméid inmheánaigh i leith úsáid seirbhísí TFC sa Choimisiún, lena n-áirítear na Treoirlínte do bhaill foirne maidir le húsáid sheirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) an Choimisiúin ([1]).

Staonfaidh oiliúnaithe ó úsáid phearsanta a bhaint as seirbhísí TFC sna himthosca seo a leanas:

— nuair a d'fhéadfadh an úsáid sin tionchar diúltach a imirt ar a gcuid oibre nó ar obair a gcomhghleacaithe;

— nuair a bheidh baol ann go ndéanfadh sí dochar d'íomhá nó clú an Choimisiúin;

— nuair a bheidh aon speansas mór don Choimisiún i gceist léi nó go gcuirfidh sí bac ar acmhainní tábhachtacha;

— nuair nach mbeidh sí comhsheasmhach le hoibleagáidí dlíthiúla nó eiticiúla is infheidhme maidir le hoiliúnaithe;

— nuair a bheidh comhaid ilmheán phríobháideacha thoirtiúla i gceist léi.

([1]) Ábhair Foirne – Fógraí Riaracháin – Faisnéis Riaracháin Uimh° 24-2016 (18.05.2016) *GUIDELINES FOR STAFF ON THE USE OF THE COMMISSION'S INFORMATION AN…* [TREOIRLÍNTE DON FHOIREANN MAIDIR LE hÚSÁID SHEIRBHÍSÍ TEICNEOLAÍOCHTA…].